

Gaelscoil OSRAÍ
Loch buí
CILL CHAIMINGH
R95 AT85

056 7765697

eolas@osrai.com

Ráiteas Sábháilteachta Safety Statement

Meitheamh 2023

Is mian le Bord Bainistíochta Gaelscoil Osraí foireann na scoile a chur ar an eolas maidir leis na socruithe seo leanas a bhaineann le sábháilteacht, le sláinte agus le sochar iad siúd ar fad atá ag obair sa scoil.

Is gá go bhfaigheadh an polasaí tacaíocht ó gach fostaí. Déanfar é a athbhreithniú go bliantúil nó níos minicí más gá, ag brath ar thaithí, ar athruithe sa dlí, nó ar chleachtadh oibre. Déanfaidh Oifigí Sláinte an Bhoird (OSB thíos) iniúchadh bliantúil agus cuirfear cuntas ar fáil don bhfoireann. Déanfar monatóireacht ar na cuntaisí ar thimpistí lena chinntiú go bhfuil gach iarracht á dhéanamh le timpistí a sheachaint.

Chomh fada agus is féidir ba mhaith le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Osraí a chinntiú

- Go bhfuil leagan amach gach cuid den scoil slán sábháilte agus gan bhaol sláinte.
- Go bhfuil na bealaí isteach agus amach sábháilte.
- Go mbaintear úsáid shábháilte chomh fada agus is féidir é as trealamh agus innealra.
- Go bhfuil modhanna oibre slán agus gan bhaol do shláinte.
- Nach bhfuil aon bhaol sláinte nó sábháilteachta dóibh siúd atá ag obair sa scoil chomh fada agus is féidir.
- Go gcuirfear éadach cosanta ar fáil más cuí
- Go réiteofar agus go gcloífear le pleananna éigeandála
- Go leasófar an ráiteas seo de réir mar is cuí agus go ndéanfaidh an Bord é a scrúdú uair sa bhliain ar a laghad.
- Go rachfar i gcomhairle le fostaíthe maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta.
- Go n-ainmneofar ball den bhfoireann mar Oifigeach Sábháilteachta (OSF thíos).

The Board of Management of Gaelscoil Osraí brings to the attention of its staff the following arrangements for safeguarding the safety, health and welfare of those employed and working in the school.

This policy requires the co-operation of all employees. It shall be reviewed annually or more frequently if necessary, in the light of experience, changes in legal requirements and operational changes. A safety audit shall be carried out annually by the Board of Management Safety Officers and a report made to staff. All records of accidents and ill-health will be monitored in order to ensure that any safety measures required can be put in place to minimise the recurrence of such accidents and ill-health.

The Board of Management of Gaelscoil Osraí wishes to ensure that as far as is reasonably practical:

- ◆ *The design, provision and maintenance of all places in the school shall be safe and without risk to health.*
- ◆ *There shall be safe access to and from places of work.*
- ◆ *Plant and Machinery may be opened safely in so far as is possible.*
- ◆ *Work systems shall be planned, organised, performed and maintained so as to be safe and without risk to health.*
- ◆ *Staff shall be instructed and supervised in so far as is reasonably possible so as to ensure the health and safety at work of its employees.*
- ◆ *Protective clothing or equivalent shall be provided as is necessary to ensure the safety and health at work of its employees.*
- ◆ *Plans for emergencies shall be complied with and revised as necessary.*
- ◆ *This statement will be continually revised by the Board of Management as necessity arises, and shall be re-examined by the Board on at least an annual basis.*
- ◆ *Employees shall be consulted on matters of health and safety.*
- ◆ *Provisions shall be made for the election by the employees of a safety representative.*

Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Osraí go bhfuil dualgas dlíthiúil aige i leith fostaithe, daltaí, agus d'aon duine a bhfuil gnó acu sa scoil, agus don phobail i gcoitinne. Déanfaidh an Bord cinnte de go gcloítear lena bhfuil leagtha amach in Acht Sábháilteacht, Sláinte agus Sochar ag Obair 2005:

Freagrachtaí Fostaithe: Is é freagracht gach fostaí agus iad ag obair:

- a) Cúram a ghlacadh i leith a s(h)ábhailteacht, a s(h)láinte agus a s(h)ochar féin agus éinne eile a bheadh i mbaol de bharr a c(h)uid faillí agus é/í ag obair.
- b) Có-oibriú lena f(h)ostóir agus le héinne eile, ionas gur féidir lena f(h)ostóir agus an duine eile cloí leis na dlí mar is cuí.

- c) Feidhm a úsáid as éadaí cosanta, trealamh nó rud ar bith eile a cuirtear ar fáil ar mhaithe lena s(h)ábháilteacht agus é/í ag obair.
- d) Tuairisc a thabhairt don Bhord gan mhoill a luaithe a thuigtear dó/dí aon trealamh nó suíomh oibre a bheith lochtach agus bhaolach ó thaobh sábháilteachta de.

Ní bhainfidh éinne mí-úsáid as trealamh, eadach cosanta, nó as rud ar bith eile a cuirtear ar fáil ar mhaithe le sábháilteacht agus daoine i mbun a gcuid oibre.

Ní mór d'fhostaithe cúram faoi leith a ghlacadh go ndéanann siad a gcuid oibre chomh sábháilte agus is feidir. (feach rannóg 9 Acht 1989).

The Board of Management of Gaelscoil Osraí recognises that its statutory obligations under legislation extends to employees, students, to any person legitimately conducting school business, and to the public.

The Board of Management of Gaelscoil Osraí undertakes to ensure that the provisions of the Safety, Health and Welfare at Work Act 2005 are adhered to:

Duties of Employees

It is the duty of every employee while at work:

- (a) *to take reasonable care for his/her own safety, health and welfare, and that of any person who may be affected by his/her acts or omissions while at work.*
- (b) *To co-operate with his/her employer and any other person to such extent as will enable his/her employer or the other person to comply with any of the relevant statutory provisions.*
- (c) *To use in such manner so as to provide the protection intended, any suitable appliance, protective clothing, convenience, equipment or thing provided (whether for his/her lone use or for use by him/her in common with others) for securing his/her safety, health or welfare at work.*
- (d) *To report to the Board of Management without unreasonable delay, any defects in plant, equipment, place or work, or system of work, which might endanger safety, health or welfare of which he/she becomes aware.*

No person will intentionally or recklessly interfere with or misuse any appliance, protective clothing, convenience or other means or thing provided in pursuance or any of the relevant statutory provisions or other wise, for securing safety, health or welfare or persons arising out of work activities.

Employees using available facilities and equipment provided should ensure that work practices are performed in the safest manner possible (see section 9 of safety, health and welfare at Work Act 1989).

Plé agus Eolas:

Is é polasaí an Bhoird réiteach agus líonadh na bhfoirmeacha measúnú riosca a phlé leis an bhfoireann, cóipeanna a dháileadh ar an bhfoireann agus ina dhiaidh sin ar bhail nua foirne, agus bail fóirne a chur ar an eolas maidir le haon eolas nó treoracha nua a bhaineann le sábháilteacht. Beidh sláinte, sábháilteacht agus sochar mar chuid de thraenáil agus forbairt foirne as seo amach.

Consultation and Information

It is the policy of the Board of Management to consult with staff in preparation and completion of hazard control forms, to give a copy of the safety statement to all present and future staff, and to convey any additional information or instructions regarding health, safety and welfare at work to all staff as it becomes available. Health, safety and welfare at work will be considered in any future staff training and development plans.

Contúirtí

Roinnfear iad seo i ndá chatagóir. Iad siúd ar féidir a reiteach láithreach agus iad siúd nach féidir a réiteach láithreach, a liostáilfear agus a gcuirfear modhanna len iad a réiteach taobh leo. Déanfar iarracht, chomh fada agus is féidir é, féil reidh le gach contúirt.

Hazards

Hazards shall be divided into two categories. Those which can be rectified will be dealt with as a matter of urgency. Those that cannot will be clearly indicated and appropriate procedures listed beside them. All hazards shall be eliminated in so far as resources and circumstances allow.

Tine

Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go mbeidh a ndóthain múchtóirí tine ar fáil agus iad in oiriúint don sórt tine a tharlódh sa láthair faoi leith ina bhfuil suite, agus go bhfuil siad ag feidhmiú mar is ceart agus go bhfuil treoracha len a n-oibriú scríofa orthu.

- I. Go gcinnteoidh an Bord go mbeidh go leor múchtóirí dóiteáin, oiriúnach don gcineál tine a d'fhéadfadh tarlú i ngach áit, ar fáil, aitheanta, agus seirbhís rialto déanta orthu ag daoine údaraithe agus cáilithe.

- II. Beidh treoracha cuí ar gach múchtóir dóiteáin.
- III. Go gcinnteoidh an príomhoide go mbeidh druil dóiteáin uair sa téarma ar a laghad.
- IV. Go mbeidh aláirim thine marcáilte go soiléir (OSB)
- V. Go mbeidh comharthaí feiceálach ionas go bhfeicfidh chuairoteoirí na bealaí éalaithe (OSF)
- VI. Go gcoinneofar doirse agus pasáistí gan bac agus inoscailte i gcónaí ón dtaobh istigh den scoil. Cinnteoidh gach muinteoir le doras éalaithe sa seomra, go mbeidh an doras saor ó bhacanna i gcónaí.
- VII. Go dtaispeánfar ar phlean den scoil na háiteanna cruinnithe taobh amuigh.
- VIII. Go mbeidh na haiteanna cruinnithe lasmuigh den scoil léirithe go soiléir.
- IX. Go múchtar plocóidí na soicéid gach tráthnóna. Baintear fearas leictreach ó na soicéidí thar laethanta saoire. Na múinteoirí le bheith freagrach as a seomraí féin, na rúnaí freagrach as an oifig, an foireann i gcoitinn as an chistin agus seomra na foirne. Glantóirí le seiceáil sa tráthnóna.
- X. Go mbeidh an príomhoide i bhfeighim druil dóiteáin agus córas aslonnaithe.
- XI. Go gcuirfead i bhfeidhm aon moltaí eile a mholann an Oifigeach Tine.

Fire

It is the policy of the Board of Management of Gaelscoil Osraí that:

- I. *The Board will ensure that an adequate supply of fire extinguishers, suitable for the type of fires likely to occur in each area, is available, identified and regularly serviced by authorised and qualified persons.*
- II. *Each fire extinguisher shall have instructions for its use.*
- III. *The principal will ensure that fire drills shall take place at least once a term.*
- IV. *Fire alarms shall be clearly marked. (Responsibility of Board of Management Safety Officer)*
- V. *Signs shall be clearly visible to ensure that visitors are aware of exit doors and routes.(Staff Safety Officer)*
- VI. *All doors, corridors, and entries shall be kept clear of obstruction and shall be able to be opened at all times from within the building. Each teacher who has an exit in her classroom must ensure it is kept clear.*
- VII. *A plan of the school shows assembly points outside the school.*
- VIII. *Assembly areas are designated outside the school and the locations specified.*
- IX. *Exit signs shall be clearly marked.*
- X. *All electrical equipment shall be left unplugged when unattended for lengthy periods and when the building is empty. Teachers are responsible for their own classroom. The secretary/Principal, as appropriate, is responsible for the office. Staff room is every teacher's responsibility. Cleaner to check when cleaning.*
- XI. *Principal shall be responsible for fire drills and evacuation procedures.*
- XII. *All recommendations made by a Fire Officer in addition to these provisions shall be implemented.*

Contúirtí Eile: Dar leis an Bord, d'fhéadfadh baol a bheith ag baint leo seo leanas:

1. Urláir fliucha/snasta
2. Fráma dreapadóireachta
3. Sreanga
4. Ríomhairí
5. Gilitín
6. Cóifrín fiúsanna
7. Cítíl, burco agus fearas cistine eile
8. Coire-theach
9. Doirse
10. Dréimirí
11. Cófraí srl a ghobann amach
12. Stór seachtrach faoi ghlas
13. An halla scoile
14. Séid taobh amuigh
15. Sioc ar dhromchla an chlóis lá fuar
16. Mataí sna pasáistí
17. Fuinneoga íochtaracha ar oscailt

The following hazards (in so much as can be identified) are considered by the Board of Management to be a source of potential danger and are brought to the attention of all concerned.

1. *Wet/polished corridors*
2. *Climbing frames*
3. *Trailing leads*
4. *Computers*
5. *Guillotine*
6. *Fuse Board*
7. *Electric kettles, burcos and other kitchen equipment*
8. *Boiler house*
9. *Doors*
10. *Ladders*
11. *Protruding units and fittings*
12. *External storage to be kept locked*
13. *School hall*
14. *Garden shed*
15. *Icy surfaces on a cold day*
16. *Mats in hall*
17. *Windows opening out*

Le laghdú ar an mbaol a bhaineann leis na contúirtí seo ní mór d'fhostaithe cloí le cleachtais shábháilteachta.

- a. Baill foirne atá cailithe le trealamh a úsáid amháin a cheadaítear dul ag plé leis. Gheobhaidh éinne eile a bhéas ag plé le fearas, cóip den Raiteas Sábháilteachta seo ón bPríomhoide sula dtosófar ar aon obair agus cloífidh sé/sí lena bhfuil leagtha amach ann
- b. Lena chois sin, is de réir treoracha na ndéantóirí a úsáidfear trealamh.

- c. Cinnteoidh an Bord, mas cui, go bhfaighidh baill foirne treoir maidir le húsáid trealaimh.
- d. Ní mór na cosaintí cuí a bheith ar threalamh leictreach.
- e. Ní mór fógraí a bhaineann le sábháilteacht a bheith ar taispeánt mar is cuí
- f. Ní mór cúnamh ó dhuine eile le dréimire a úsáid.
- g. Seachnaítear buidéal ghloine ag páistí agus glantar gloine briste láithreach.
- h. Cinntítear go bhfuil na hurláir glan, cothrom, neamhshleamhan agus bloghdhíonach (OSF agus OSB).
- i. Cinntíonn an Bord go bhfuil an trealamh a bhaineann le corpoideachas i dtaisce go curamach (OSF)
- j. Cinntíonn an príomhoide go bhfuil na mataí corpoideachais in ord maith (OSF)
- k. Seiceáil bhliantúil le déanamh ar throsacán, ar na hurláir, ar fhearas (OSF)
- l. Seiceáil go bhfuil baill maith ar an dromchla taobh amuigh (OSF agus coimeádaí)
- m. Seiceáil go bhfuil an díon, píopaí srl coinnithe in ord mhaith(OSB)
- n. Seiceáil go bhfuil na dúnpheoil slán (OSB)
- o. Seiceáil roimh ré go bhfuil gach láthair spraoi glan agus saor ó ghloine.
- p. Seiceáil go bhfuil na soilse taobh amuigh ag obair agus go bhfuil a ndóthain dóibh ann (OSB agus OSF).
- q. Seiceáil go bhfuil trealamh a bhaineann le glantóirí/tógálaithe curtha i dtaisce go curamach agus glas air má tá sé i stór seachtrach. (OSF agus OSB)
- r. Seiceáil go dtógtar an bruscar on bhfoirgneamh gach lá agus go stóráltar go curamach é taobh amuigh (Glantóir)

To minimise these dangers the following safety/ protective measures must be adhered to (see duties of employee of this document):

- a. *Access to and operation of plant/equipment is restricted to qualified members of the staff. Copies of this Safety Statement will be sent to all contractors prior to contract by the Principal/Board of Management. Any other contractors entering the school must be shown a copy of the schools Safety Statement and shall adhere to its provisions.*
- b. *In addition all such plant and machinery is to be used in strict accordance with the manufactures instructions and recommendations.*
- c. *Where applicable Board of Management will ensure that members of the staff will have been instructed in the correct use of plant, machinery and equipment.*
- d. *All machinery and electrical equipment are fitted with adequate safeguards.*
- e. *Precautionary notices, in respect of safety matters are displayed at relevant points.*
- f. *Ladders must be used with another person's assistance.*
- g. *Avoid use of glass bottles where possible by pupils. Remove broken glass immediately on discovery*

- h. *Board of Management will ensure that floors are clean, even, non-slip and splinter-proof.*
- i. *Principal will check that PE equipment is stacked securely and in positioned so as not to cause a hazard.*
- j. *Check that all PE and other mats are in good condition.*
- k. *An annual routine for inspecting furniture, floors, apparatus, equipment and fittings. Board of Management Safety Officer and Staff Safety Representative.*
- l. *Check that external surfaces are safe. Caretaker under Board of Management.*
- m. *Will check that roofs, guttering, drain pipes etc as far as can be seen are sound and well maintained. Board of Management Safety Officer.*
- n. *Check that manholes are safe.*
- o. *Check that all play areas are kept clean and free from glass before use.*
- p. *Check that outside lighting works and is sufficient. Board of Management.*
- q. *Check that all builder's materials, caretakers' maintenance equipment, external stores etc are stored securely. Principal and Board of Management Safety Officer.*
- r. *Check that refuse is removed from building each day and is carefully stored outside. Caretaker.*

Is é polasaí an Bhoird gur baill foirne atá cáilithe len iad a úsáid amháin a cheadaítear dul ag plé le hinnealra, le fearas cistine nó le trealamh leictreach. Déanfar na rudaí seo a sheiceáil go trath rialta.

Trealamh Leictreach

Sula n-úsáidtear aon ghléas leictreach féachtar chuige:

- Go bhfuil cosaint sábháilteachta ag feidhmiú mar ba cheart.
- Go bhfuil na cablaí/sreanga in ord maith, gan bheith caite, stróicthe srl
- Go bhfuil na plocóidí bainte nuair nach bhfuil siad in úsáid
- Go bhfuil na plocóidí in ord maith agus na fiúsanna cuí in úsáid.
- Go bhfuil treoirilinte an Udaráis um Shláinte agus Sábháilteachta á leanacht.

It is the policy of the Board of Management of that machinery, kitchen equipment and electrical appliances are to be used only by competent and authorised persons. Such appliances and equipment will be subject to regular maintenance checks.

Electrical Appliances

Arrangements will be made for all appliances to be checked on a regular basis at least annually by a competent person (i.e.) maintenance person, the supplier or his agent.

Before using any appliance the user should check that:

- ◆ *All safety guards which are a normal part of the appliance are in working order*
- ◆ *Power supply cables/leads are in tact and free of cuts or abrasions.*
- ◆ *Unplug leads of appliances when not in use.*
- ◆ *Suitable undamaged fused plug tops are used and fitted with the correct fuse.*
- ◆ *Follow official guidelines issued by the Health and Safety Authority.*

Ceimicí

Is é polasaí an Bhoird go stóráltar ceimicí - dúch, ábhar glanadh srl, sna háirthaigh chúí, marcáilte go soiléir agus faoi ghlas, agus go n-úsáidtear an chosaint is gá agus iad in úsáid. (Glantóir/Rúnaí/ Príomhoide de réir mar a oireann).

Chemicals

It is the policy of the Board of Management of Gaelscoil Osraíthat all chemicals, photocopier toner, detergents etc be stored in clearly identifiable containers bearing instructions and precautions for their use and shall be kept in a locked area, and protection provided to be used when handling them. (Secretary/Cleaner/Principal where appropriate).

Drugáí agus Cógais Leighis:

Is é polasaí an Bhoird go gcoinnítear drugaí agus cógais leighis faoi ghlas san oifig, agus cead ag daoine údarásaithe amháin teacht orthu.

Drugs And Medication

It is the policy of the Board of Management of Gaelscoil Osraí that all drugs, medications, etc be kept in a secure cabinet, locked at all times and the key kept in a separate and secure place and used only by trained and authorised personnel.

Sochar Foirne agus Daltaí

- ◆ Ar mhaithe le sochar na foirne agus na ndaltaí tá leithrisí agus cistin ar fáil agus seomra foime don lón agus don bhriseadh tae agus tá sé mar chúram ar an bhfoireann an seomra foirne agus an chistin a choinneáil glan néata.
- ◆ Caithfear caighdeán ard glaineachta a bheith i bhfeidhim i gcónaí.
- ◆ Chuige seo is gá go mbeadh a ndóthain uisce te, galúnach (i bhform leachta) agus túaillí ar fáil, chomh maith le háiseanna diúscarta sláintíochta agus deis fáil réidh le bruscar mar is cúí.

Meabhraítear don bhfoireann agus do na daltaí) Má tá duine istigh ag obair ar theastas slainte ní mór dí/dó an scoil a chur ar an eolas má tá baol ann nach mbeidh sí/sé in ann a c(h)uid oibre a dhéanamh mar is gnáth gan a sláinte féin, a gcomleacaithe nó na ndaltaí a chur i mbaol agus laghdófar ar a gcúraimí go dtagann biseach orthu.

b) Ní cheadaítear do bhaill foirne ná do dhaltaí teacht chun na scoile agus ól nó drugaí ag oibriú orthu. Déanfar aon duine a bhriseann an riail seo chuir faoi smacht.

Welfare of Staff and Students

To ensure the continued welfare of the staff and children, toilet and cloakroom areas are provided. A Staffroom separate from the work area is provided, where tea and lunch breaks may be taken. Staff must co-operate in maintaining a high standard of hygiene in this area.

A high standard of hygiene must be achieved at all times. An adequate supply of hot and cold water, towels and soap and sanitary disposal facilities must be available. Adequate facilities for waste disposal must be available.

Members of staff and students are reminded:

- (a) A person who is under medical supervision or on prescribed medication and who has been certified fit for work, should notify the school of any known side effect or temporary physical disabilities which could hinder their work performance and which may be a danger to either themselves or their fellow workers. The school will arrange or assign appropriate tasks for the person to carry out in the Interim.*
- (b) Staff and students are not allowed to attend the premises or carry out duties whilst under the influence of illicit drugs or alcohol. Any person found breaking this rule will be liable to disciplinary action.*

Úrláir Fliucha/Snasta: Is é polasaí an Bhoird go ndéanfar gach iarracht gan aon úrlár a fhágáil sleamhain agus chuige seo, chomh fada agus is féidir é, is taréis am scoile a déanfar na hurláir a ní. I rith uaireanta scoile moltar go núsáidfi comharthaí rabhadh. Cuimhnítear feisin ar an mbaol sleamhnú taobh amuigh laethanta fuara. Moltar lámhráillí a úsáid ag dul in airde agus ag teacht anuas an staighre. Beidh ciumhaiseanna na gcéimeanna marcáilte go soiléir go neamh-sciorrach nuair is féidir.

Highly Polished/Wet Floors *It is the policy of the Board of Management of that every attempt will be made to avoid the creation of slippery surfaces. The washing of floors shall be conducted, as far as is possible, after school hours to eliminate as far as possible, the danger of slipping. Where floors are wet, warning signs regarding wet floors shall be used. Attention is drawn to the possibility of outside floors and surfaces being affected by frost in cold weather, and staff and pupils shall be told to use handrails when going up or down stairs. Step edges shall be fitted with clearly marked edges of a non-slip nature wherever practical.*

Aonaid Léirthe Físe (VDUs):

Is é polasaí an Bhoird go leanfar na treoirínte sábháilteachta is suas chun dáta a leagtar síos maidir lena n-úsáid.

Visual Display Units

It is the policy of the Board of Management of that the advice contained in the guidelines on the safe operation of visual display units, shall be carefully followed.

Galair Thógalacha

Is é polasaí an Bhoird go gcuirfear iad seo in iúl mar is cuí agus go ndéanfar gach iarracht daltaí agus foireann a chosaint óna leithéidí galair. Tá tábhacht dá réir ag baint le glaineacht agus le h-úsáid láimhíní a chaitear amach le glanadh agus le garchabhair.

Infectious Diseases

It is the policy of the Board of Management that all infectious diseases shall be notified and steps taken to ensure the safety of staff and students against all such diseases. The Board of Management will endeavour to minimise the risk by adherence to sound principals of cleanliness, hygiene and disinfection and have provided disposable gloves for use in all First Aid applications, cleaning tasks.

Garchabhair

Is é polasaí an Bhoird go mbeidh oiliúint sa ngarchabhair ar roinnt baill foirne. Go mbeidh fógraí sa scoil maidir le

- suíomh agus úsáid an bhosca garchabhair
- le socruithe i gcás timpiste,
- uimhreacha dochtúiri, otharchairr, ospidéal, gardaí srl

Is gá cur síos láithreach sa Tuairisc ar Thimpisti Leabhar Timpistí ar gach eachtra agus más cuí ainm an Oifigigh a bhí freagrach as pé baol ónar eascair an eachtra faoi leith a lua sa ráiteas, ionas gur féidir cuntas leanúnach a choinneail ar dhul chun na sábháilteachta sa scoile.

Cinntoidh Múinteoir Tanya go mbeidh bosca garchabhrach le soláthar cuí ar fáil don fhoireann i gcónaí le:

- greimlíní (plástair a ghreamaíonn)nó Ciarsúr cuimilte gan alcól (ní bhaintear úsáid as bindealáin),
- frith-hiostaimín do chealga & rl.

- téip
- dífhabhtán (m.sh.) Savlon
- lóis súl (m.sh.) Optrex
- uachtar antaiseipteach
- bindealáin cadáis
- uachtar do gharchabhair ar dhó
- cuimilteán antaiseipteach
- siosúr
- cairt garchabhrach

Caithfear lámhainní aonsealacha a úsáid i gcónaí agus garchabhair á thabhairt

First Aid

It is the policy of the Board of Management that members of staff shall be trained to provide First Aid to staff and pupils.

Notices are posted in the school detailing:

- arrangements for giving first aid,
- location of first aid boxes,
- procedure of calling ambulances etc....,
- telephone numbers of local Doctor, Gardaí, Hospital.

All incidents, no matter how trivial and whether to employees or to students or to members of the public must be reported immediately to the person responsible for the hazard identified in the Statement or in the event that the accident/incident occurs in any other place to which that paragraph dealing with hazards does not relate to the Safety Officer. This is necessary to monitor the progress of safety standards and to ensure that the proper medical attention is given where required. An Accident Report File is to be maintained for the recording of all accidents and incidents by the Safety Officer.

Múinteoir Tanya Hudson will see that there will be maintained in the school a properly equipped First Aid Box available to staff at all times containing:

- sticking plasters
- Anti-histamine for Stings, etc.
- Tape
- Disinfectant (e.g.) Savlon
- Eye lotion (e.g.) Optrex
- Antiseptic cream
- Cotton Bandage

- Cream for First Aid treatment of Burns
- Antiseptic Wipes
- Scissors
- First Aid Chart

Disposable gloves must be used at all times in administering First Aid

Teacht agus Imeacht ón Scoil

Iarrtar ar chuirteoirí iad féin a chur in iúl don bPríomhoide/Rúnaí roimh dhul isteach dóibh. Ní mór cúram faoi leith a ghlacadh sna carrchlósanna agus na páistí á mbailiú nó á bhfágail chun na scoile.

Tógálaithe

Déanfar gach iarracht laghdú ar an gcur isteach ar obair na scoile, tré obair thorannach a dhéanamh taobh amuigh d'uaireanta scoile. Glacfaidh tógálaithe cúram gan daltaí ná foireann a chur i mbaol agus cuirfear fógraí timpeall le contúirtí a chur in iúl.

Access To School

In as much as is compatible with the practical layout of the school premises, anyone entering the school premises shall be required to identify themselves to the Principal or the Secretary as relevant before gaining admittance to the school.

Construction

While work is in progress, any noise shall be avoided wherever possible during school hours and shall at all times be reduced to the minimum necessary. The contractor and his workmen shall not create any hazard, permanent or temporary, without informing the principal or his nominated agent and shall mark such hazard with warning signs or other suitable protection.

Gluaisteáin i gclós na scoile

Caithfidh gach duine i gclós na scoile, na rialacha agus treoracha a leanúint.

- Siúl, nó rothaigh ar scoil más féidir.
- Fág an gluaisteán gar don scoil, agus siúl an chuid eile den slí.
- Mas ag tiomáint atá tú, bain úsáid as an ngeata is faide ó bhun an bhótair chun teacht isteach.
- Na párcáil i gcarrchlós na fóirne nó sna spásanna taobh istigh den ngeata, trasna ón rac rothar.

- Cúlaigh agus párcáil ar dheis
- Lig amach ar chlé
- Le bhúr dtoil, bíodh meas agaibh ar riachtanaisí gach éinne.

Cars on school grounds

All people driving on school grounds must obey the rules and signs. in the interest of safety must obey all signs upon entering the school grounds.

- *Walk or cycle to school if possible.*
- *Park farther from the school and walk the rest of the way.*
- *If driving, use the gate farthest from the bottom of the road to drive in.*
- *Please don't use the staff car park or the staff spaces just inside the gate, across from the bike rack.*
- *Reverse parking on the right.*
- *Drop off on the left.*
- *Please respect the needs of the whole school community.*

Tobac

Is é polasaí an Bhoird, ar mhaithe le sláinte, gur limistéar saor ó thobac nó galtoitín an scoil

Smoking

It is the policy of the Board of Management of Gaelscoil Osraí that the school shall be a non-smoking and non-vaping area to avoid hazard to staff and pupils of passive smoking.

Gloine Briste

Is é polasaí an Bhoird go laghdofar an baol a bhaineann le gloine briste. Iarrtar ar bhail foirne an príomhoide a chur ar an eolas maidir le gloine briste ionas gur féidir é ghlanadh chomh luath agus is féidir.

Broken Glass

The Board of Management shall minimise the danger arising from broken glass. Staffs are asked to report broken glass to the Principal so that it may be immediately removed.


Athbheithniú ar an Ráiteas seo: Déanfaidh Bord Bainistíochta Ghaelscoil Osraí athbheithniú ar an ráiteas seo go tráthrialta de réir a dtaithí féin agus de réir riachtanaisí an Acht Shláinte agus Sábháilteachta 2005 agus an Údaráis um Shláinte agus Sábháilteachta.

Revision of This Safety Statement

This statement shall be regularly revised by the Board Of Management of Gaelscoil Osraí in accordance with experience and the requirements of the Health and Safety Act and the Health and Safety Authority.

Signed on behalf of the Board of Management:

Chairperson/ Cathaoirleach:



Dáta: 13 Meitheamh, 2023.

Príomhoide/ Principal: *Siobhán Ní Choscaire* Dáta: 13 Meitheamh, 2023.

Oifigeach Sábháilteachta an Bhoird/ Safety Officer Nominee of BOM: Brian Sheeran Date: 13/06/2023.

Oifigeach Sábháilteachta na Foirne / Safety Officer Nominee of staff: Tanya Hudson

Ráiteas Polasáí curtha le chéile ag baill an Bhoird i gcomhairle le tuismitheoirí agus le múinteoirí de réir Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas 2005

Prepared by representatives of the Board of Management, in consultation with parents and teachers in accordance with the safety, Health and Welfare Act at Work Act 2005.